LITIR SHASANA.

Ag Breaṫnú Siar

DONALL MAC AMHLAIBH

DIARDAOIN 14-4-1960

Nach tráthnóna inniu a tóigheadh an raic agus an t-olagán nuair a íochadh muid! Ní rabh mórán fear ar bith againn nár baineadh suas le trí phunt chánach de, de cheart nó de mhí-cheart. Níl fhios againn fós cé'n t-údar tá leis ach tá faicíos orm go b'é chaoi bhfuil siad ag gearradh anuas na cóid-uimhreachaí chánach as éadan agus go mbeidh ar chuid de na feara nár líon amach aon fhuirm chánach le blianta a dhul agus é dhéanamh anois. Má dhéanann siad é sin tá 'chuile sheans go mbéarfar orthu thárla go bhfuil a leath pósta mar dhói dhe. Rud eile a dtug mé suathantas do inniu agus muid dhá n-íoch: a laghad acu seo tá ag dul faoin a sloinnte dílse fhéin. Nuair a fuagruíodh "O Flatharta" amach chuaidh lad dárbh ainm dó O Donnchadha suas le h-aghaidh a chuid pái; agus nuair a glaíodh 'O Murachu' shín Brianach Chiarruí amach a lámh. Tá sé dona go leor bheith ag cur dalladh mullóg ar lucht chánach mar sin ach is fíor-contúirteach an rud é bheith ag ealaoin leis an Arachas Náisiúnta. Chomhruigh mé seisear fear ar a laghad a ghlac obair annseo faoi shloinnte bréagacha. Níl aimhreas ar bith orm ná go bhfuil tuille acu ann; dream ionainn fhéin sinn gan dabht ar bith!

Chaitheá gáire a dhéanamh faoi chuid acu, bhíodar có diomuach, gruamdha sin in geall ar an gcáin agus saoire na Cásca buailte leo; ach ní rabh a dhath thruaí ag Patsy beag dhóibh.

"Render to Caesar the things that are Caesar's, and to God the things that are God's", ar seisean, de shean chéich sultmhar. "You'se flout God and you'se flout the Government and you'se bring shame and disgrace on the fair name of Ireland with your drinking and carousing and fighting — aye, and you'se consort with women of low repute, a lot of youse! Ah, but youse'll not buy them painted sinners much whiskey this week end! It's a judgment, a judgment, and youse'll be lucky to escape being held in durance vile below in Bedford prison like many another Irishman who was a bit too handy with the pencil!"

Tá mé ag ceapadh go mbuailfí cic air a d'árdódh den' talamh é meireach coisdealbhach mór na Gaillimhe (é siúd a d'iarr ceannas na buíne an lá cheana).

"Ara ná bac leis an latchicoe," ar seisean, "ár ndó séard tá dhá mharú sin nach dtig leis fhéin aon bhean fháil."

Chuaidh Patsy craiceáilte uilig annsin! Tháinig faghairt ina shfile agus cúr ar a bhéul agus thosuigh sé ag boc-léimreach thart-timpeall ar an bhfear mór, a dhá dhorn dhá n-oibriú aige amhail is dá mbeudh sé ag tochras cirtlín snátha.

"O.K. big fellow, I'll have ye!" ar seisean de scréach. "Up with your mits, you illiterate Culchie, and defend yourself!" Dhóbar dhom péin tuitim i lagrachaí ag gáire faoi ag túirt dúshláin an fhir mhóir, agus dá mhéid a bhain muid de shuilt as an bhfeic seo ba mheasa le Phatsy é. Thug sé sgiúrsa theanga uafásach dhúinn agus ní dheaca a dhríotháir fhéin saor, fiú. Níor chuir an fear mór níba mhó caidéise air ach d'ionntuigh sé a thóin leis sa gcaoi is go rabh seacht n-uaire níba nimhní annsin. Dála an scéil ní droch lad ar bith é an fear mór sin agus bhí sé dá mhíniú dhúinn inniu go mbeadh neart oibre ann dúinn fiú dá gcríochnófaí an job seo go luath faoin a cheannas féin. Is cosúil go bhfuil clár mór oibre leagtha amach don bhuíon seo ach má bhíonn muid ró-fhada ar chúil leis an méid tá idir lámha anois againn tabharfar do bhuíon eicint eile é. Tá sé sin ag luí le réasúin freisin mar má fheiceann siad nach dtig linn an job a dhéanamh i gceart ní bheidh leath an oiread sin fonn orthu muid a choinneáil. Agus ní h-é nach mbíonn muid sách broidiúil scaithtí, ach ní leagtar amach an obair i gceart ar cuma eicint agus tá an ganger ar nós cuma liom faoi. Ach mar sin fhéin tá slacht agus crut ag teacht ar an áit diaidh ar ndiaidh agus tá dhá líne fhada ráillí leagtha anois againn agus traenachaí in dhan a rith orthu. Nuair a bhéas an job críochnuí ar ball beidh an áit seo cosúil le líon dúbháin alla le'n a mbeidh de línte ráillí-fuaite ina chéile ann.

Bhodhródh síor-séideadh na gaoithe seo thú, níor stop sí le seachtain. Níl fear ar bith againn nach bhfuil sé ag goilliúint air; maith an scéal nach i Kansas tá comhnuí orthainn!

DIA MAIRT, 19-4-1960.

Tá saoire na Cásca thart agus is maith liom go bhfuil; bhíos 'mo shuí leath uair roimh am ar maidin agus b'fhada liom go n-imeoinn am -ach le breith ar an gcoiste. Bhí cuid mhaith de na buachaillí ar mo nós fhéin — go n-áithrid na fir pósta. Bíonn sciolladoireacht ar siúl na laetheanntaí seo idir na fir scaoilte agus na fir pósta, 'chaon dream acu ag sárú ar a chéile gur acu fhéin tá an saol is fearr. Abraíonn na fir scaoilte go mbíonn an dream eile ag niocháin soithigh san oíche agus fiú ag stiúrú an pram, corr uair; agus bíonn sé ina challán annsin eatorra. Thárla go b'iad mo chuid chomráidí fhéin uilig iad na fir scaoilte tobhuíom leo agus abraoím go mbíonn na fir pósta eile ag iarraidh leideannaí orm faoin gcaoi is fearr le dhul i mbun ghlanadh tí. Cuireann sé sin gliondar ar na baitsiléaraí agus scairteann siad amach ag gáire agus thosuíonn ag liú go fonóideach.

"T'anam ón diabhal ach cé'n sórt Páidíní tá ag teacht anall ar na saolta seo," arsa an Coisdealbharch Mór inniu, "ní fheicfeá aon Pháidín ag déanamh obair mar sin fadó. Siad a bhí breá fearúil, a mhac! Ba é an fear máistir an tí an uair sin agus furasta aithne, bhí rath ar an bpósadh; ach anois ní chloisfidh tú tada uatha ach 'Yes, darling' agus 'No, darling,' agus iad ag crith le faitchíos roimh a gcuid mná."

" 'Dhiabhal, cinnte," adeirimse d'fhonn an greann a choinneáil ag imtheacht, "nach gcloisim cuid acu théis a lá oibre a rá le' na mnáibh fanacht cois "Telly" agus gan a gcloigne a bhuaradh le níochán na ngréithre, ná aon cheo eile mar sin." Tá Patsy beag go mór im aghaidhsa ón lá cheana nuair a rinne mé gáire faoi isé ag bagairt throda ar an gCoisdealbhach, agus ghlac sé an uain seo le ionnsuí a dhéanamh ormsa:

"Och, I'm thinking you're one of these secret dish washers, Danny," ar seisean, "you likely wash them late at night when there's no chance of anyone coming in to see you wearing the apron. I can see ye now, washing and drying plates and toadying to the wife — bringing her cups of tea in the morning and currying favour like a serf"!

Lig na fir pósta glam ríméide asta nuair a chualadar an méid seo agus tháinig aoibh ar Phatsy. Thar rud ar bith eile santaíonn sé deamhéin na bhfear eile agus bhí sé faoi ghruaim ón lá cheana.

Dónall Mac Amhlaigh.

Tuairmí óna Gaeltaċta

TÁ TRÁĊT INSAN DÁ ṖÁIPÉIR ÁITIÚIL IS MÓ LE RÁ INS NA CEANTAIR GAELTAĊTA ṪEAS AGUS ṪIAR, AN KERRYMAN AGUS AN CONNACHT TRIBUNE, FAOI MEASTAĊÁN ROINN NA GAELTAĊTA AGUS AN DÍOSPÓIREAĊT INSAN DÁIL.

Níl doċas dá laġad ag ceaċtar den dá ṗáipéar go bfuil slánú na Gaeltaċta insan méid a léiríoḋ ins na meastaċáin.

Aontaíonn an dá ṗáipéar gur beag an t-ábar dóċais atá ann gurb é Gaeltarra Éireann atáṫar ag cur i mbun cúrsaí oibreaċais insan Ġaeltaċt. Noċt Teaċta de ċuid an Rialtas. R. Ó Maolḃia, an smaoineaṁ céanna insan Dáil, le linn na díospóireaċta.

Uair amáin eile, tugaḋ an teirú bliantúil don Ġaeltaċt sa Dáil, adeir tráċtaire an Kerryman, agus dúraḋ linn go bfuil pleananna níos mó agus níos fearr dá ndéanaṁ le raċṁas a ṫabairt ċuig cailín na luaiṫre seo in eacnamaíoċt na hÉireann. Taréis a rá go raiḃ méadú ins na meastaċáin leanann sé — aċ mo ḃrón sé an . . . eile insan armṫas gléigeáil atá piocaiṫe ar a ċapall bán le cailín boċt na luaiṫre a ṡábáil óna dragúin den ḃoiċteanas agus den imirce, nó Gaeltarra Éireann. Agus is beag spreagaḋ dúinn é sin.

Agus leanann sé a' rá go bfuil Gaeltarra Éireann ag gníoṁú in éadan tionscail ina bfuil tionsclóirí príoṁáideaċa in ann praifid a ḋéanaṁ aċ go bfuil Gaeltarra Éireann ag cailliúint go rialta.

Ar an gcaoi céanna atá an tráċt insan "Connacht Tribune" agus ní ḟeiceann siad dóċas ar biṫ go bfuil saoṫrú seasta ar an ḃealaċ do ṗobal na Gaeltaċta.

Ró-Ḟallsa Leisciúil!

A ċara dil,

Is maiṫ liom beiṫ ag sáṫaḋ mo ṁuinċill amaċ.

Sí aiḋm gaċ duine as an Gaeḋealtaċt ċreideaṁ is ráḋ go mbíonn an Gaeḋealtaċt n-a cliabán don Ġaeilg agus, gan an Ġaeḋealtaċt, naċ bféidir an teanga do ṫabairt arais mar ġnáṫ-ṫeanga na ndaoine.

Casaḋ níos mó na duine aṁáin orm i gcaiṫeaṁ mo ṡaoġail a rugaḋ is a tógaḋ i gceart lár na Gaeḋealtaċta agus a b'éigean dó nó duiṫe a tír dúṫċais d'ḟágaint ċun a ḟortúin do ḋéanaṁ ar ṫaoiḃ seo an uisce agus b'annaṁ gur casaḋ fear orm a raḃ dílis don teangaḋ a d'ḟás sé suas leiṫe.

Ḃíoḋ sár-aiṫne agam uair ar cúpla (fear agus a ḃean) a ṫáinig a' Gaeltaċt a' tuaiscirt agus b'é a mbarraṁail é naċ raḃ an Ġaeilg úsáideaċ d'aoinne taoḃ amuiġ den Ġaeltaċt.

I mḂrognor, sa Ḃreatain Ḃig Ṫuaiḋ mar a mbíonn coṁnaiḋe faoi láṫair ormsa ḃíoḋ, roinnt blian ó ṡoin, triúr nó ceaṫrar fear óg a raḃ an Ġaeilg ó'n ċliabán aca. Ḃa ṁian liomsa cumann beag do ċur ar bun anseo mar a mbeaḋ teanga na nGaeḋeal dá labairt cúpla oiċe ga seaċtain, go háiṫrid i riṫ an geiṁriḋ, aċ ní fuaireas aon tacaiḋeaċt (nó "tacaíoċt" sa litríoċt nua).

Ċaiṫeas tamall ċúpla blian ó ṡoin ar imeall Gaeltaċta Ċonamara aċ ċa ḃfuaireas aċ aon seana-ḃean a raḃ toilteanaċ an Ġaeḋilg do labairt liom.

Is féidir naċ mbíonn mo ċuid-se Ġaeḋilge labarṫa ċoṁ maiṫ 'ná ċoṁ ṫuigse 's a ba ċóir dí beiṫ. Is aṁlaiḋ go mb'éigean doṁ iarraiḋ ar an Ġaeilgeoir d'aṫ-rá a dúirt sé, nó do labairt níos muille, ionnas go mbéinn i n-ann é ṫuigbeáil agus, ní naċ iongnaḋ, deirfeaḋ sé go mb'ḟurasta an Ḃéarla d'úsáid ag an ḃeirt againn.

Ḃíoḋ san mar atá sé ní ċruṫuiġeann san go bfuil mórán dílseaċta don Ġaeilg fiú aṁáin aca siúd a ċaiṫ a saoil go léir insa' Ġaeltaċt. Dá mbéidís siúd, na Gaeilgeoirí ó dúṫċais, toilteanaċ ċuideaṁ leis na daoinniḃ boċta san a mbíonn ag iarraiḋ na Gaeḋilge d'ḟoġluim agus d'aṫċur n-a háit ċeart imeasc na ndaoine agus naċ n-áḋṁar go leor beiṫ bearṫa ins an Ġaeḋealtaċt is féidir go mbéaḋ teanga na nGaeḋeal n-a teanga beo ar fud na hÉireann i bfad ó ṡoin. Ní féidir.

Gíḋ go mba ṁaiṫ liom dá dtugfaiḋ cabair airgeadais don Ġaeḋealtaċt ag an Rialtas ċun na nGaeilgeoir do ċoiméad i mbaile, ċun fostuiġṫe agus ċun caiġdeán ṁaiṫ ṁaireaċtála a ċur ar fáil dófa, ní aontuiġim go h-iomlán go mbíonn aon ḃaint eadar ceist na teangan agus ceist ġeilleagraiġ na nGaeḋealtaċt.

Sé mo ḃarraṁail í go, ḃfuil pobal na hÉireann ró-ḟallsa, leisciúil ċun na teangan d'aiṫḃeoċaint.

Mise, le meas,

P. Mac Cearnaiġ.

An Ċoṁairle Náisiúnta Drámaíoċta

TIMIRE DRÁMAÍOĊTA
le ceapaḋ.

Eolas agus taiṫí ar ḋrámaíoċt iaċtanaċ. Tuarastal maiṫ.

Foirmeaċa iarratais agus gaċ eolas eile le fáil ó'n Rúnaí,
An Coṁairle Náisiúnta Drámaíoċta,
14 Cearnóg Ṗarnell,
Baile Áṫa Cliaṫ, 1.

Lustan Doċarac

Faoin aċt um Ḟaile Díoḃálaċ, is fiailí díoḃálaċa an fóṫanán, an buaċallán buí, an ċupóg agus an gnáṫ-ḃarbróg. Má ḟágtar na fiailí sin gan díoṫú, dliteár an duine atá freagraċ sa talaṁ a ionċúiseaṁ gan fógra a ṫabairt dó.

Déanann an fóṫanán, an buaċallán buí agus an ċupóg díoḃáil mór do ṫalaṁ curaíoċta agus do ṫalaṁ féaraiġ, agus ina ṫeannta sin, téann na síolta le gaoṫ isteaċ a bpáirceanna eile sa ċomarsanaċt. Níor ċeart ar ċor ar biṫ ligean do na fiailí sin síol a ċruṫú. Is féidir fiailí a ḋíoṫú aċ iad a ġearraḋ, iad a spréáil le fiailnim roġnaċ nó iad a ṫarraingt as an talaṁ. Más trína ngearraḋ a ḋéantar an díoṫú ní foláir na fiailí a ġearraḋ dá uair le linn an tséasúir fáis. Ní mór an buaċallán buí a ṫógáil 7 a dó taréis na planḋaí a ġearraḋ nó a ṫarraingt sa dóiġ naċ n-íosfaiḋ ainṁiṫe iad mar tá niṁ iontu. D'ḟéidir go ndéanfaḋ fiailniṁ an buaċallán buí soḃlasta agus mar sin ba ċeart ainṁiṫe a ċoinneáil as na tailte spréáilte go dtí go mbeiḋ na planḋaí feoite.

Is fiaile díoḃálaċ an ġnáṫ-ḃarbróg freisin mar is uaiṫe go mór a ṫógann arḃar an Smoirt Lorgan. Is ceart í a ġrafaḋ as an talaṁ nó í a ṁarú le fiailniṁ.

Moltar d'ḟeirmeoirí dul i gcoṁairle leis an Teagascóir Talṁaíoċta faoi na fiailnimeanna roġnaċa. Is ceart dóiḃ freisin, duilleoigín na Roinne, Uiṁ 97, "Fiailí Díoḃálaċa" a léaṁ. Tá sí le fáil in aisce ón Rúnaí, An Roinn Talṁaíoċta, Rannóg na bFoilseaċán, Baile Áṫ' Cliaṫ, 2.

Gaoṫ Bearra

Rinne Seosaṁ Mac Caṫṁaoil, O.S., Rúnaí Cumann Slat-Iascairí Ġaoṫ Ḃearra, sceiṫ breac a ċur isteaċ ins na loċanna in aice le abainn Ġaoṫ Ḃearra 7 sceiṫ bradán ċoṁ maiṫ, ar na mallaiḃ. Ar na loċanna ar cuireaḋ sceiṫ isteaċ iontu, ḃí Loċ Tuaime, Leitir Ṁic a' Ḃáird.

Máire Ḃean Uí Ḃaoill, in aois a 97 bliana, ag a tiġ cónaí féin, Teanga Ṁeáin, An Cloċán Liaṫ. Ḃa as Cró Ḃeiṫe í, agus duine de ṁuintir Ċinnéide ansin. Ḃí sí ina cónaí ar feaḋ tamall fada ag Mín a' Toiteán, An Cloċán Liaṫ. Tá sé tamall anois ó fuair a fear céile, Séamas Ó Baoill, bás Ḃa í máṫair Concuḃair Ó Baoill, í duine mór le rá i gCogaḋ na Saoirse, a loiteaḋ i dtroid le saiġdiúirí na Sasana. Gaḃaḋ na ḋiaiḋ sin é, agus ḃí a ṡláinte briste nuair a ligeaḋ amaċ é agus fuair sé bás go lua. Ċuaiġ tórraiṁ an ṁór léi go reilig an Ċloċán Léiṫ. an áit ar ḋúirt an tAṫair Mac Diarmada, S.C., Aifreann na Marḃ, agus paidreaċa ag an uaiġ. Níṫear coṁḃrón le Niall Ó Baoill, Inḃear Teiġing, Albain, mac. Nannah Ḃean Uí Ḃaoill, Síle Ḃean Uí Adluaim, Pittsburg, agus gaolta eile.

AN ROINN TALṀAÍOĊTA

An tAċt um Ḟiaile Díoḃálaċ, 1936.
RAḂAḊ

Seo raḃaḋ d'úinéirí agus d'áitiṫeoirí talún go bféadfar an dlí a ċur, gan fógra, ar an duine atá freagraċ maidir leis an talaṁ, mura ndíṫeóiḋ sé fiailí ḋíoḃálaċa (an fóṫanán (feoċadán), an buaċallán buí, an ċupóg agus an ġnáṫ-ḃarbróg).

Déanfaiḋ an Gárda Síoċána cigireaċt faoin Aċt.

Is féidir eolas ar ḃealaí le fiailí a ḋíoṫú a ḟáil ón Teagascóir Talṁaíoċta.

SEÁN DE NÓGLA,
Rúnaí.

18ú Ḃealtaine, 1965.